# Ag tógáil clainne le Gaeilge

Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi theaghlaigh a bhfuil a bpáistí á dtógáil acu trí mheán na Gaeilge. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| dátheangach<br>sa Ghaeltacht … | *campaign*<br>*generation …* |

1. Cén mháthairtheanga atá agat?
2. An labhraíonn tú Gaeilge le mórán daoine? Cé hiad na daoine sin?
3. Cad iad na teangacha atá agat?
4. An bhfuil sé éasca clann a thógáil le Gaeilge sa Ghaeltacht, dar leat? Mínigh.
5. An bhfuil sé éasca clann a thógáil le Gaeilge sa Ghalltacht, dar leat? Mínigh.
6. Cén teanga a labhraíonn tú, nó a labhrófá, le do chuid páistí? Cén fáth?

   (Labhraím, labhróinn …)



# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. eagraíocht | *a. reflection* |
| 2. sprioc | *b. thinking about* |
| 3. machnamh | *c. video series* |
| 4. feachtas | *d. native speakers* |
| 5. sraith físeán | *e. campaign* |
| 6. glúin | *f. organisation* |
| 7. spleodrach | *g. lively* |
| 8. ag cuimhneamh ar | *h. source of inspiration* |
| 9. foinse inspioráide | *i. generation* |
| 10. cainteoirí dúchais | *j. aim, objective* |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá Gaeilge mhaith ag _______________ óg na Gaeltachta.
- Sheol an _______________, *Tuismitheoirí na Gaeltachta,* _______________ nua inniu.
- Mar chuid den fheachtas sin, tá _______________ ina léirítear teaghlaigh a bhfuil a gclann á dtógáil acu trí mheán na Gaeilge.
- Chuir *Tuismitheoirí na Gaeltachta* tús bríomhar, _______________ leis an bhfeachtas inniu.
- Ní _______________ amháin atá sa tsraith físeán, ach daoine nach í an Ghaeilge (ná an Béarla fiú), a máthairtheanga.
- Is é _______________ an fheachtais ná go mbeidh daoine _______________ a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge.
- Ba mhaith leis an eagraíocht go ndéanfadh daoine _______________ ar a gclann a thógáil le Gaeilge.
- Beidh an tsraith físeán seo mar _______________* ag teaghlaigh ar fud na tíre. (* tagann séimhiú ar ainmfhocail tar éis *mar*)

3. Cad is brí le 'gríosaigh' agus 'craol'?

4. Tá cúpla brí ag an bhfocal 'glúin'. Cad iad? Téigh go dtí [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) mura bhfuil tú cinnte.

5. Cén difríocht atá idir 'clann' agus 'teaghlach'?

## C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachaigí ar na ráitis seo thíos. An bhfuil siad fíor nó bréagach?

1. Ba mhaith leis an eagraíocht, *Tuismitheoirí na Gaeltachta*, daoine a ghríosú chun Gaeilge a labhairt lena bpáistí.

   Fíor Bréagach

2. Seoladh feachtas na heagraíochta an bhliain seo caite.

   Fíor Bréagach

3. Sraith podchraoltaí atá i gceist leis an bhfeachtas seo ina bhfuil teaghlaigh, a bhfuil Gaeilge acu, ag labhairt faoina saol.

   Fíor Bréagach

4. Ghlac aon teaghlach déag páirt sa tsraith físeán.

   Fíor Bréagach

5. Tá an eagraíocht ag díriú ar theaghlaigh a bhfuil páistí acu cheana féin.

   Fíor Bréagach

6. Tá *Tuismitheoirí na Gaeltachta* ag súil go mbeidh an togra ina fhoinse inspioráide ag teaghlaigh ar fud na tíre.

   Fíor Bréagach

7. Is cainteoirí dúchais Gaeilge amháin iad na daoine sa tsraith físeán.

   Fíor Bréagach

8. Beidh teacht ar an tsraith físeán ar na meáin shóisialta.

   Fíor Bréagach

Féachaigí ar an mír arís.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (na hiolraí)

a) Dúshlán a bhíonn ann d'fhoghlaimeoirí, anois is arís, iolraí bhaill an teaghlaigh a litriú. Cén t-iolra atá ag na cinn seo thíos? Bhí cuid acu le cloisteáil sa mhír.

| Uatha | Iolra | Uatha | Iolra |
|---|---|---|---|
| **máthair** | *máithreacha* | mac | |
| **athair** | | iníon | |
| **deartháir** | | aintín | |
| **deirfiúr** | | uncail | |
| | | col ceathrar | |

b) Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat. Mura bhfuil na freagraí céanna agaibh, téigí go dtí www.teanglann.ie chun iad a sheiceáil.

## 2: Cruinneas gramadaí (an aidiacht shealbhach agus na foirmeacha treise)

Sa Bhéarla, úsáidtear tuin na cainte nó an glór le béim a chur ar fhocail, ach sa Ghaeilge caithfidh muid eireaball beag, an iarmhír threise (**-se**/**-sa**), a chur leis an bhfocal, agus is air sin atá an bhéim san abairt. Féach ar na samplaí seo:

| | |
|---|---|
| mo mháthair – *my mother* | mo mháthair**se** – *my* mother |
| d'iníon – *your daughter* | d'iníon**sa** – *your* daughter |

Líon na bearnaí sa tábla thíos. Tá an chéad cheann déanta duit. Cuimhnigh ar na pointí tábhachtacha seo:

| | |
|---|---|
| Tús an fhocail | • Cuirtear séimhiú ar ainmfhocail dar tús consan tar éis **mo** agus **do**.<br>• **M'** agus **d'** a chuirtear roimh ainmfhocail dar tús guta. |
| Deireadh an fhocail | • Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar chonsan leathan, cuirtear **-sa** leis.<br>• Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar chonsan caol cuirtear **-se** leis. |

| | mo/do + foirm threise | | mo/do + foirm threise |
|---|---|---|---|
| **máthair** | mo m**h**áthair**se**/do m**h**áthair**se** | mac | |
| **athair** | | iníon | **m'**iníon**sa**/**d'**iníon**sa** |
| **deartháir** | | aintín | |
| **deirfiúr** | | uncail | |
| | | col ceathrar | |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bíonn páistí a thógtar le Gaeilge in Éirínn dátheangach de ghnáth, toisc an lámh in uachtar a bheith ag an mBéarla sa tír. Is iomaí buntáiste a bhaineann leis an dátheangachas (*bilingualism*) agus leis an ilteangachas (*multilingualism*). Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Pléigí na pointí thíos le chéile. An bhfuil na pointí ar fad fíor, dar libh? Bígí in ann a rá cén fáth a gceapann sibh go bhfuil na pointí sin fíor nó bréagach.

**Leanaí dátheangacha/ilteangacha:**

a) Bíonn siad an-mhaith ag díriú ar rudaí, go háirithe má bhíonn an timpeallacht an-challánach/an-ghlórach.

b) Is minic scileanna an-mhaith matamaitice acu agus bíonn siad go maith ag réiteach fadhbanna.

c) Faigheann daltaí, a bhfuil níos mó ná teanga amháin acu, pointí níos airde san Ardteistiméireacht.

d) Bíonn siad an-chruthaitheach (*creative*) go minic.

e) Is minic a bhíonn siad go maith ag léamh agus ag scríobh agus iad an-óg.

f) Nuair a bhíonn cur amach ag leanaí ar níos mó ná teanga amháin bíonn scileanna cumarsáide maithe acu.

g) Is minic a bhíonn siad níos aclaí ná daoine nach bhfuil ach teanga amháin acu.

h) Cuidíonn an dátheangachas/ilteangachas le cuimhne mhaith a bheith ag duine.

i) Bíonn níos mó deiseanna sa saol ag daoine a bhfuil níos mó ná teanga amháin acu.

j) Is cosúil go gcaitheann siad ar fad spéaclaí.

k) Léiríonn an staidéar atá déanta go mbíonn siad níos leathanaigeanta (*more open-minded*), níos fulangaí (*more tolerant*) agus níos báúla (*more empathetic*).

## 2: Scríobh

Samhlaigh go bhfuil tú ag obair don eagraíocht *Tuismitheoirí na Gaeltachta*. Cuir bileog bheag eolais le chéile ina mbeidh frásaí úsáideacha do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge. Ar an mbileog, bíodh deich n-ordú úsáideacha a d'fhéadfadh tuismitheoirí a úsáid lena bpáistí sa bhaile. Féach ar na samplaí:

| |
|---|
| Dún an doras. |
| Cá bhfuil do mhála scoile? Faigh é! |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat: |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Deir an eagraíocht *Tuismitheoirí na Gaeltachta* i gConamara go bhfuil sé mar sprioc acu tuismitheoirí go bhfuil leanaí óga acu a chur i mbun machnaimh maidir lena gclann a thógaint[1] trí mheán na Gaolainne[2]. Sheol *Tuismitheoirí na Gaeltachta* feachtas nua inniu, sraith físeán ar ghlac teaghlaigh ó cheantair Ghaeltachta na tíre páirt ann.

**Donncha Ó Murchú**
Tá glúin óg na Gaeltachta á ngríosú chun cainte ag an eagraíocht, *Tuismitheoirí na Gaeltachta*, a chuir tús spleodrach le feachtas nua inniu, dírithe ar theaghlaigh a bhfuil a gcuid páistí á dtógaint trí mheán na Gaeilge acu. Aon teaghlach déag ó cheantair Ghaeltachta na tíre a ghlac páirt san fheachtas agus a bheidh le feiscint[3] sa tsraith físeán úrnua a seoladh inniu.

**Sorcha Ní Chéilleachair, Ceannasaí Thuismitheoirí na Gaeltachta**
Is é an sprioc atá againn, is dócha, leis an bhfeachtas seo ná daoine – tá sé ana-shimplí[4] – daoine a chur i mbun machnaimh. Agus, b'fhéidir, daoine nach bhfuil aon pháistí fós acu, daoine óga agus daoine, b'fhéidir, a bheadh ag cuimhneamh ar chlann a bheith acu chomh maith. Agus go gcífidís[5] é seo agus b'fhéidir go rachaidís i mbun machnaimh.

**Donncha Ó Murchú**
Tá *Tuismitheoirí na Gaeltachta* ag súil go mbeidh an togra seo ina fhoinse inspioráide ag teaghlaigh eile ar fud na tíre atá ag cuimhneamh ar a gclann a thógaint trí mheán na Gaeilge.

**Sorcha Ní Chéilleachair, Ceannasaí Thuismitheoirí na Gaeltachta**
Dheineamar[6] iarracht daoine le cúlraí teanga éagsúla a bheith againn sna físeáin seo agus tá an dá thaobh againn. Is dócha, tá gach aon rud ó an bheirt tuismitheoirí ina gcainteoirí dúchais go dtí beirt nach ón dtír[7] seo in aon chor iad agus nach í an Ghaolainn ná an Béarla fiú amháin a dteangacha dúchais. Agus gach aon rud idir eatarthu – daoine a d'fhoghlaim, máithreacha a d'fhoghlaim an teanga, aithreacha a d'fhoghlaim an teanga, daoine atá ag foghlaim fós…

**Lucia Atencia**
'An rud is deise, i mo thuairim, faoi leanaí a thógaint anseo sa Ghaeltacht ná go bhfuil na leanaí tógtha ag an bpobal.'

**Donncha Ó Murchú**
As seo amach beidh fógraí teilifíse agus raidió á gcraoladh mar chuid den bhfeachtas ag *Tuismitheoirí na Gaeltachta* agus beidh teacht ar an tsraith físeán, leis na teaghlaigh éagsúla, ar na meáin shóisialta.

Donncha Ó Murchú, Nuacht TG4.

---

[1] tógaint = leagan canúnach de 'tógáil'
[2] Gaolainn = leagan canúnach de 'Gaeilge'
[3] feiscint = leagan canúnach de 'feiceáil'
[4] an-simplí a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil
[5] go gcífidís = leagan canúnach de 'go bhfeicfidís'
[6] dheineamar = leagan canúnach de 'rinneamar'
[7] Canúint na Mumhan atá ag na cainteoirí ar fad sa mhír; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh faoin méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| eagraíocht | *organisation* |
| sprioc | *aim, objective* |
| machnamh | *reflection* |
| feachtas | *campaign* |
| sraith físeán | *video series* |
| glúin | *generation* |
| spleodrach | *lively* |
| ag cuimhneamh ar | *thinking about* |
| foinse inspioráide | *source of inspiration* |
| cainteoirí dúchais | *native speakers* |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| f | j | a | e | c | i | g | b | h | d |

2. Féach:
   - Tá Gaeilge mhaith ag **glúin** óg na Gaeltachta.
   - Sheol an **eagraíocht**, *Tuismitheoirí na Gaeltachta,* **feachtas** nua inniu.
   - Mar chuid den fheachtas sin, tá **sraith físeán** ina léirítear teaghlaigh a bhfuil a gclann á dtógáil acu trí mheán na Gaeilge.
   - Chuir *Tuismitheoirí na Gaeltachta* tús bríomhar, **spleodrach** leis an bhfeachtas inniu.
   - Ní **cainteoirí dúchais** amháin atá sa tsraith físeán, ach daoine nach í an Ghaeilge (ná an Béarla fiú), a máthairtheanga.
   - Is é **sprioc** an fheachtais ná go mbeidh daoine **ag cuimhneamh ar** a gcuid páistí a thógáil le Gaeilge.
   - Ba mhaith leis an eagraíocht go ndéanfadh daoine **machnamh** ar a gclann a thógáil le

Gaeilge.
- Beidh an tsraith físeán seo mar **fhoinse inspioráide** ag teaghlaigh ar fud na tíre.

3. Gríosaigh – *motivate, encourage*; craol – *broadcast*.
4. Is iad na cinn is coitianta ná *knee* agus *generation*.
5. Ciallaíonn 'clann' páistí agus tá ciall níos leithne ag 'teaghlach' – deirfiúracha, deartháireacha, srl.

## C: TUISCINT
Féach:
1. Fíor.
2. Bréagach. Inniu.
3. Bréagach. Sraith físeán atá ann.
4. Fíor.
5. Bréagach. Agus ar theaghlaigh nach bhfuil páistí acu go fóill.
6. Fíor.
7. Bréagach. Tá daoine le cúlraí teanga éagsúla sa tsraith.
8. Fíor.

## D: FEASACHT TEANGA
### 1: Cruinneas gramadaí (na hiolraí)
a) Féach

| Uatha | Iolra | Uatha | Iolra |
|---|---|---|---|
| **máthair** | máithreacha | mac | mic |
| **athair** | aithreacha | iníon | iníonacha |
| **deartháir** | deartháireacha | aintín | aintíní |
| **deirfiúr** | deirfiúracha | uncail | uncailí |
| | | col ceathrar | col ceathracha |

b) Pléigh na freagraí leis an rang iomlán.

### 2: Cruinneas gramadaí (an aidiacht shealbhach agus na foirmeacha treise)
Féach:

| | mo/do + foirm threise | | mo/do + foirm threise |
|---|---|---|---|
| **máthair** | mo m**h**áthair**se**/do m**h**áthair**se** | **mac** | mo mhacsa/do mhacsa |
| **athair** | m'athairse/d'athairse | **iníon** | **m'**iníon**sa**/**d'**iníon**sa** |
| **deartháir** | mo dheartháirse/do dheartháirse | **aintín** | m'aintínse/d'aintínse |
| **deirfiúr** | mo dheirfiúrsa/do dheirfiúrsa | **uncail** | m'uncailse/d'uncailse |
| | | **col ceathrar** | mo chol ceathrarsa/ do chol ceathrarsa |

## E: CUMARSÁID
### 1: Caint
Iarr orthu plé a dhéanamh ar na pointí sna grúpaí sula bpléifidh tusa na pointí leo. Tá na pointí ar fad fíor ach amháin pointe c/g/j.

### 2: Scríobh
Iarr orthu ansin deich n-ordú a scríobh a bheadh úsáideach do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge. Mar shampla: Dún an doras. / Bain amach do leabhar Gaeilge. / Ith do dhinnéar, le do thoil. / Imigh leat a luí. Agus mar sin de.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?
Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Curtha ar fáil ag

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4